C/2023/1390

1.12.2023

Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas leasaithe chaighdeánaigh ar shonraíocht táirge i ndáil le hainm in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2023/1390)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún [1].

FORMHEAS LEASAITHE CHAIGHDEÁNAIGH A CHUR IN IÚL

‘Ştefăneşti’

PDO-RO-A1309-AM01

Dáta teachtaireachta: 25 Meán Fómhair 2023

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS CÚISEANNA LEIS

1. **Ceantair nua a chur leis an limistéar táirgthe geografach**

Rinneadh an limistéar táirgthe geografach sainithe a léirítear sa tsonraíocht táirge a leasú trí cheantair chomharsanacha nua a chur isteach, ina bhfuil dálaí comhshaoil, ithreach agus aeráide atá comhchosúil leis na dálaí sna ceantair a chumhdaítear leis an tsonraíocht cheana féin. Is táirgeoirí traidisiúnta iad na ceantair sin d’fhíon ATFC Ştefăneşti ar ardchaighdeán, agus tagraítear dóibh sna gníomhartha reachtacha náisiúnta a bhaineann go sonrach le hearnáil na bhfíonghort agus an fhíona.

Cuireadh isteach na bailte/bardais/sráidbhailte seo a leanas atá suite i gcontae Argeș:

— baile Costeşti - sráidbhailte Costești, Broşteni, Stârci, Smei, Podu Broşteni, Lăceni agus Pârvu Roşu;

— bardas Lunca Corbului - sráidbhailte Lunca Corbului, Silişteni, Lăngești, Mârghia de Jos, Mârghia de Sus, Cătane, Cieşti agus Pădureți;

— bardas Suseni - sráidbhailte Suseni, Ţuţuleşti, Odăeni, Strâmbeni, Cerşani, Burdeşti agus Gălăeşeşti;

— bardas Buzoești - sráidbhailte Buzoeşti, Vulpeşti, Redea, Ioneşti, Tomşanca, Bujoreni, Şerboeni, Cornățel, Curteanca, Podeni agus Vlăduța;

— bardas Negrași - sráidbhailte Negrași, Buta, Bârlogu agus Mozacu.

Tá fíonghoirt sna ceantair sin a liostaítear sa chlár náisiúnta fíonghort. Ainmníodh ar an leibhéal náisiúnta iad de bheith oiriúnach do phlandáil na gcineálacha uaisle fíonchaor a cheadaítear ar leibhéal náisiúnta faoin reachtaíocht náisiúnta atá i bhfeidhm.

Óir déantar foráil freisin in Ordú Uimh. 732/2005 ón Aire Talmhaíochta, Iascaigh, agus Forbartha Tuaithe maidir le formheas an liosta ainmniúchán tionscnaimh rialaithe a úsáidtear sa Rómáin le haghaidh fíonta socra, arna leasú, maidir le húsáid an fho-ainmniúcháin tionscnaimh Costești laistigh de ATFC Ștefănești, mar fho-ainmniúchán a d’fhéadfaí a chur in éineacht leis an ainmniúchán tionscnaimh Ștefănești, ba cheart an fo-ainmniúchán tionscnaimh sin, lena gcuimsítear na ceantair atá á gcur leis an limistéar, a léiriú freisin.

Fágadh an fo-ainmniúchán tionscnaimh Costești as an áireamh de thaisme ón tsonraíocht táirge a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh le hiarratas a dhéanamh ar chosaint. Dá bhrí sin, ní foláir é a chur leis lena chur i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta ina dtagraítear don fho-ainmniúchán tionscnaimh sin, is féidir a úsáid ar an leibhéal náisiúnta, agus le freagairt d’iarrataí na dtáirgeoirí ó na ceantair dá dtagraítear faoin bhfo-ainmniúchán tionscnaimh Costești.

Leasaíodh Caibidil III den tsonraíocht táirge agus pointe 6 den doiciméad aonair.

[1] IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

2. **Tásc maidir le forálacha nua lipéadaithe**

Cuireadh foráil maidir le lipéadú leis an tsonraíocht táirge – féadfar an t-ainm Costești a chur leis an lipéad in aice leis an ainm éigeantach Ștefănești, dá mba mhian leis na táirgeoirí déanamh amhlaidh, i gcás fíonta ó na ceantair dá dtagraítear thuas, óir tagraítear do Costești (ainm d'aonad geografach ar lú é ná limistéar sainithe an ainmniúcháin tionscnaimh chláraithe) sa reachtaíocht náisiúnta atá i bhfeidhm mar fho-ainmniúchán laistigh den ainmniúchán tionscnaimh cláraithe Ștefănești (Ordú Uimh. 732/2005 ón Aire Talmhaíochta, arna leasú).

San am atá caite, meabhraíodh leis an ainm Costești traidisiún saothraithe fíonchaor agus fíonóireachta, óir is ann a cuireadh cuibhreannas clúiteach fíonóireachta ar bun agus a d'oibrigh sé.

Leis an ainm Costești a chur isteach, cuirtear an tsonraíocht táirge i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta ina leagtar amach ainmneacha ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint (ATFC) na Rómáine le haghaidh fíonta ar ardchaighdeán.

Dá réir sin, féadfar an fo-ainmniúchán tionscnaimh Costești a chur in éineacht leis an ainmniúchán tionscnaimh cláraithe Ştefăneşti, mar a léirítear sa reachtaíocht náisiúnta maidir le húsáid ainmniúchán tionscnaimh cláraithe Ştefăneşti, dá mba mhian leis na táirgeoirí áitiúla déanamh amhlaidh.

Thairis sin, féadfar ceann amháin de na hainmniúcháin fíonghoirt aonair seo a leanas (aonaid gheografacha ar lú ná an limistéar sainithe iad) a chur leis an ainmniúchán tionscnaimh cláraithe ŞTEFĂNEŞTI, dá mba mhian leis na táirgeoirí déanamh amhlaidh: FLORICA, IZVORANI, GOLEASCA, VĂLENI, DEALUL SCHITULUI, VRĂNEŞTI, GORGANU, TOPOLOVENI nó SILIŞTENI.

Leasaíodh Caibidil XII den tsonraíocht táirge agus pointe 9 den doiciméad aonair dá réir.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm(neacha)**

Ştefăneşti

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC – Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

4. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta**

1. *Saintréithe anailíseacha agus orgánaileipteacha*

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Fíonta geala - bíonn dath glasbhuí ar na fíonta óga, tar éis 1-2 bhliain d'aibiú tagann dath buí orthu amhail tuí na cruithneachta, dath buí orthu amhail tuí i gcás fíonta aibithe, iad buí le dathlonrachas scothghlas, dath buí orthu amhail tuí le dathlonrachas geal scothghlas, iad idir ábhairín scothbhuí agus órbhuí, iad órbhuí, iad glasbhuí le nótaí an óir.

Dea-bholadh: bíonn dea-bholadh fíneálta agus úr acu mar is gnách i measc bláthanna fiáine; bíonn dea-bholadh bláthach orthu d'fhíonchaora aibí agus cruithneacht atá díreach buainte, fíonchaora ag aibiú, dea-bholadh mín de bhláthanna fíniúna agus bláthanna troim i bhfíonta aosaithe, iad bláthach agus torthaíoch coimhthíoch (seadóg), dea-bholadh fíneálta na fanaile, d'úllord faoi bhláth atá leasaithe le cumhrán almóinní, le him úr, ag a bhfuil saintréithe olartha, sóla aigéadacha, iad maotha, saibhre agus comhchuí.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (mar % den toirt)	15.00
Neart alcóil iarbhír íosta (ina % den toirt)	11.00
Aigéadacht iomlán íosta	3.5 i ngraim in aghaidh an lítir arna shloinneadh mar aigéad tartarach

Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	18
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	200

2. *Saintréithe anailíseacha agus orgánaileipteacha*

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Fíonta dearga - bíonn dath idir dath fíor-ghléigeal an ghairnéid orthu; bíonn idir dath an rúibín agus dearg geal orthu, iad dúdhearg, ábhairín dian, le haosú tagann dath donnrua orthu, idir dath éadrom an rúibín agus dath gléineach an rúibín, idir dath an rúibín agus ábhairín donnrua.

Dea-bholadh: bíonn dea-bholadh orthu idir torthaí agus imreacha fanaile agus seacláide, dea-bholadh casta, le nótaí den phíobar glas, le haosú tagann dea-bholadh cuiríní dubha agus prúnaí orthu, dea-bholadh dian na dtorthaí foraoise (fraocháin agus sútha craobh) agus imreacha de shilíní dubha, dea-bholadh na seacláide le rian den chainéal, roisín crann torthaí agus silíní.

Blas: bíonn blas dea-chumtha orthu, iad féarach, ina bhfuil tainniní láidre, ach ag a bhfuil seirbhe dhea-mhaolaithe, éiríonn siad maoth ar aosú, agus níos comhchuí fós leis an aibiú agus an aosú, ag a bhfuil cumhracht ghlan, agus acmhainneacht aosúcháin eisceachtúil, maothlach, maoth, ag a bhfuil dea-bholadh silíní searbha, iad olartha.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (mar % den toirt)	15.00
Neart alcóil iarbhír íosta (ina % den toirt)	11.00
Aigéadacht iomlán íosta	3.5 i ngraim in aghaidh an lítir arna shloinneadh mar aigéad tartarach
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	20
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	150

5. **Cleachtais fíonóireachta**

5.1. *Cleachtais fíonóireachta shonracha*

1. Cleachtais fíonóireachta

Cleachtas fíonóireachta sonrach

Gan forálacha breise.

5.2. *Uastáirgeacht*

1. arna mbuaint ag lánaibíocht - Riesling Iodálach, Fetească regală, Burgund mare, Merlot

10 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

2. arna mbuaint ag lánaibíocht - Sauvignon, Chardonnay, Fetească albă, Pinot gris, Pinot noir

8 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

3. arna mbuaint ag lánaibíocht - Muscat Ottonel, Tămaioasă romanească, Cabernet Sauvignon, Fetească neagră

7 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

4. arna mbuaint go déanach - Muscat Ottonel, Tămâioasă românească, Cabernet Sauvignon, Fetească neagră, Sauvignon, Chardonnay, Fetească albă, Pinot gris

6 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

5. arna mbuaint ag lánaibíocht - Riesling Iodálach, Fetească regală, Burgund mare, Merlot

65 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. arna mbuaint ag lánaibíocht - Sauvignon, Chardonnay, Fetească albă, Pinot gris, Pinot noir

52 heictilítear in aghaidh an heicteáir

7. arna mbuaint ag lánaibíocht - Muscat Ottonel, Tămaioasă romanească, Cabernet Sauvignon, Fetească neagră

47 heictilítear in aghaidh an heicteáir

8. arna mbuaint go déanach - Muscat Ottonel, Tămâioasă românească, Cabernet Sauvignon, Fetească neagră, Sauvignon, Chardonnay, Fetească albă, Pinot gris

47 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach sainaithe**

Contae Argeş:

— baile Stefăneşti - sráidbhailte Ştefăneşti, Valea Mare-Podgoria, Ştefăneştii Noi, Izvorani agus Viişoara;

— bardas Călineşti - sráidbhaile Ciocăneşti, Văleni-Podgoria, Radu Negru, Vrăneşti, Gorganu, Călineşti, Râncăciov, Urlucea agus Glodu;

— baile Topoloveni - sráidbhailte Ţigăneşti, Botârcani, Gorăneşti agus Crinteşti;

— bardas Priboieni - sráidbhailte Priboieni, Valea Popii, Valea Mare, Pițoi agus Sămăila;

— bardas Leordeni - sráidbhailte Leordeni, Cârciumereşti, Băila, Schitu-Scoiceşti, Glodu, Budişteni, Ciulnița, Glâmbocata, Glâmbocata-Deal, Ciolceşti agus Bantău;

— bardas Bogați - sráidbhailte Bogați, Glâmbocelu, Chiteşti agus Glămbocel.

Ainmniúchán Tionscnaimh Cláraithe Ştefăneşti, in éineacht leis an bhfo-ainmniúchán tionscnaimh Costeşti nó dá uireasa:

— le haghaidh bhaile Costeşti - sráidbhailte Costești, Broşteni, Stârci, Smei, Podu Broşteni, Lăceni agus Pârvu Roşu;

— le haghaidh bhardas Lunca Corbului - sráidbhailte Lunca Corbului, Silişteni, Lăngeşti, Mârghia de Jos, Mârghia de Sus, Cătane, Cieşti agus Pădureți;

— le haghaidh bhardas Suseni - sráidbhailte Suseni, Țuțuleşti, Odăeni, Strâmbeni, Cerşani, Burdeşti agus Gălăeşeşti;

— le haghaidh bhardas Buzoești - sráidbhailte Buzoeşti, Vulpeşti, Redea, Ioneşti, Tomşanca, Bujoreni, Şerboeni, Cornățel, Curteanca, Podeni agus Vlăduța;

— le haghaidh bhardas Negrași - sráidbhailte Negrași, Buta, Bârlogu agus Mozacu.

7. **Cineál/cineálacha fíniúna**

Burgund Mare n-- Grosser burgunder, Blaufrankisch, Kekfrankos, Frankovka, Limberger

Cabernet-Sauvignon n-- Petit Vidure, Burdeos tinto

Chardonnay B - Gentil blanc, Pinot blanc Chardonnay

Fetească albă B - Păsărească albă, Poama fetei, Mädchentraube, Leanyka, Leanka

Fetească neagră n-- Schwarze Mädchentraube, Poama fetei neagră, Păsărească neagră, Coada rândunicii

Fetească regală B - Königliche Mädchentraube, Königsast, Kiralyleanka, Dănășană, Galbenă de Ardeal

Merlot n-- Bigney rouge, Plant Medoc

Muscat Ottonel B – Muscat Ottonel blanc

Pinot Gris G - Affumé, Grauer Burgunder, Grauburgunder, Grauer Mönch, Pinot cendré, Pinot Grigio, Ruländer

Pinot noir n-- Blauer Spätburgunder, Blauer Burgunder, Burgund mic, Burgunder roter, Klăvner Morillon Noir

Pinot Noir n-- Spätburgunder, Pinot nero

Riesling Iodálach B - Olasz Riesling, Olaszriesling, Welschriesling

Tămâioasă românească B - Busuioacă de Moldova, Muscat blanc à petit grains

Tămâioasă românească B - Rumänische Weihrauchtraube, Tamianka, Tămâioasă albă de Drăgășani

8. **Tuairisc ar an nasc (na naisc)**

8.1. *Nasc leis an limistéar sainithe*

Síneann fíonghoirt Argeş ar feadh an cheantair chnocaigh in oirthear Oltenia, agus roinnt fíonghort amhail Valea Mare-Podgoria, Izvorani, Viişoara, Leordeni agus Costeşti suite ar fhánaí ó dheas na gcnoc ag airde idir 250-300 méadar, agus iad le fáil ar ithreacha donna agus liatha na foraoise, ar ithreacha meán-phodsalacha, agus ar ithreacha dúrabháin cré agus ar ithreacha donnrua na foraoise atá ar mhórán cailciam.

Faightear na fíonta is fearr ó chineálacha amhail Fetească albă, Riesling Iodálach, Sauvignon agus, go háirithe, Tămâioasă românească, agus tá Cabernet Sauvignon suaithinseach i measc na bhfíonta dearga.

Is iad na cineálacha a shaothraítear agus an comhshaol nádúrtha i gcomhpháirt is cúis le hardchaighdeán na bhfíonta dearga. Tá aithne mhaith agus ardmheas ar an bhfíon a fhaightear ó na cineálacha Fetească regală, Riesling Iodálach agus Aligoté, agus tá iomrá ar na fíonta dearga ó Valea Mare agus Topoloveni, amhail na cineálacha Cabernet Sauvignon nó Burgund mare, a bhuí leis na tréithe a bhronntar orthu ón gcomhshaol nádúrtha.

Is fianú é an chaoi ar chuir mainistreacha agus teaghlaigh uaisle an cheantair sin spéis i saothrú na bhfíniúnacha a fhorbairt gur ann d'fhíonghoirt sa cheantar seo, ar a dtugtaí *Dealurile Piteștilor* [Cnoic Pitești]. Sna taifid ó 1902 tá mionsonraí maidir le traidisiún buainte na bhfíonchaor ó ré Constantin Brâncoveanu anuas, agus tagairtí do thréimhsí eile na staire, ina dtugtar tuairisc ar an gcaoi ar eisigh an vóvód (gobharnóir réigiúnach) Matei Basarab foraitheanta chun cuidiú le saothróirí fómhair mhaithe a bhaint amach.

Thug an t-oiriseach Moldávach Miron Costin ardmholadh do na fíonta ó fhíonghoirt Ștefănești ina chuid saothar, le tagairtí don réigiún: 'Pitești, agus na fíonta clúiteacha ann'.

Sa bhliain 1635, rinne Pól ó Aleppo tagairt d'fhíonta ar ardchaighdeán ó Wallachia ina chuid scríbhinní inar thug sé tuairisc ar a aistear trí thailte an Rómáine.

8.2. *Idirghníomhú cúisíoch idir an limistéar agus an táirge*

Is iad na cineálacha a shaothraítear agus an comhshaol nádúrtha i gcomhpháirt is cúis le hardchaighdeán na bhfíonta dearga. Tá aithne mhaith agus ardmheas ar an bhfíon a fhaightear ó na cineálacha Fetească regală, Riesling Iodálach agus Aligoté, agus tá iomrá ar na fíonta dearga ó Valea Mare agus Topoloveni, amhail na cineálacha Cabernet Sauvignon nó Burgund mare, a bhuí leis na tréithe a bhronntar orthu ón gcomhshaol nádúrtha. Is fianú é an chaoi ar chuir mainistreacha agus teaghlaigh uaisle an cheantair sin spéis i saothrú na bhfíniúnacha a fhorbairt gur ann d'fhíonghoirt sa cheantar seo, ar a dtugtaí *Dealurile Piteștilor* [Cnoic Pitești]. Sna taifid ó 1902 tá mionsonraí maidir le traidisiún buainte na bhfíonchaor ó ré Constantin Brâncoveanu anuas, agus tagairtí do thréimhsí eile na staire, ina dtugtar tuairisc ar an gcaoi ar eisigh an vóvód (gobharnóir réigiúnach) Matei Basarab foraitheanta chun cuidiú le saothróirí fómhair mhaithe a bhaint amach.

Thug an t-oiriseach Moldávach Miron Costin ardmholadh do na fíonta ó fhíonghoirt Ștefănești ina chuid saothar, le tagairtí don réigiún: 'Pitești, agus na fíonta clúiteacha ann'.

In 1635, rinne Pól ó Aleppo tagairt d'fhíonta ar ardchaighdeán ó Wallachia ina chuid scríbhinní inar thug sé tuairisc ar a aistear trí thailte an Rómáine.

8.3. *Mionsonraí maidir leis na tosca daonna*

Ní mór íonacht chineáil 85 % ar a laghad a bheith ag na fíonghoirt óna bhfaightear fíonchaora le haghaidh na bhfíonta ag a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh cláraithe 'ȘTEFĂNEȘTI'. Sna fíonghoirt úd, féadfaidh fréamhstoc ó chineálacha eile teacht ó chineálacha an ghéinis *Vitis vinifera*, agus ó na cineálacha sin amháin. Ní mór fíonchaora ó na cineálacha den sórt sin a scaradh le linn buainte ó fhíonchaora an bhunchineáil a úsáidtear chun fíon a tháirgeadh arb ina leith a ndeonaítear an t-ainmniúchán tionscnaimh cláraithe.

9. **Coinníollacha breise fíor-riachtanacha (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Coinníollacha margaíochta (lipéadú)

Creat dlíthiúil:

sa reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Ar an lipéad fíona, féadfar an fo-ainmniúchán Costești a chur in éineacht leis an ainmniúchán tionscnaimh cláraithe Ştefăneşti, mar a léirítear sa reachtaíocht náisiúnta ina leagtar amach úsáid an ainmniúcháin tionscnaimh chláraithe Ştefăneşti, ag brath ar mhianta na dtáirgeoirí sa cheantar a chumhdaítear leis an logainm Costești (limistéar sainithe ar lú é ná limistéar an ATFC), rud a d'fhéadfaí a léiriú.

Féadfar ceann amháin de na hainmniúcháin fíonghoirt aonair seo a leanas a chur freisin leis an ainmniúchán tionscnaimh cláraithe ŞTEFĂNEŞTI, dá mba mhian leis na táirgeoirí déanamh amhlaidh: FLORICA, IZVORANI, GOLEASCA, VĂLENI, DEALUL SCHITULUI, VRĂNEŞTI, GORGANU, TOPOLOVENI nó SILIŞTENI.

NASC CHUIG AN tSONRAÍOCHT TÁIRGE

https://www.onvpv.ro/sites/default/files/caiet_de_sarcini_doc_stefanesti_modif_cf_cererii_1011_20.05.2022_cf_raspuns_notif_com_20.09.2023_no_track_changes.pdf